AN ROINN IASCAIGH AGUS FORAOISEACHTA

NA hACHTANNA IASCAIGH, 1959 GO 1980

FODHLÍ RÉIGIÚN IASCAIGH AN IAR-THUAISCIRT (AN ABHAINN MHÓR) UIMH. 632, 1983.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 9 (arna leasú le halt 3 den Acht Iascaigh (Leasú), 1962 (Uimh. 31 de 1962)), den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (Uimh. 14 de 1959), le halt 33 den Acht Iascaigh (Leasú), 1962 agus leis an Ordú Iascaigh (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 1977 (I.R. Uimh. 30 de 1977) (arna n-oiriúnú leis an Ordú Iascaigh (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 1978 (I.R. Uimh. 195 de 1978)), déanaimse, PÁDRAIG Ó TUATHAIL, Aire Iascaigh agus Foraoiseachta, leis seo an Fodhlí seo a leanas:

1. Fodhlí Réigiún Iascaigh an Iar-Thuaiscirt (An Abhainn Mhór) Uimh. 632, 1983, is teideal don Fhodhlí seo.

2. Tiocfaidh an Fodhlí seo i ngníomh an 30ú lá de Mhárta, 1983.

3. Leasaítear leis seo airteagal 4 d'Fhodhlí Cheantar Bheannchair Uimh. 611, 1980, trí "in uiscí taoide na hAbhann Móire suas an sruth ó líne dhíreach arna tarraingt soir ó thuaidh ó mharcáil ghorm agus bhán atá curtha suas ag pointe ar líne bharr láin bhaile fearainn Eachnais i mbarúntacht Iorrais agus i gcontae Mhaigh Eo" a chur in ionad "in uiscí taoide speisialta na hAbhann Móire suas an sruth ó líne dhíreach arna tarraingt soir ó thuaidh ó mharcáil ghorm agus bhán atá curtha suas ag pointe ar líne bharr láin bhaile fearainn Eachnais i mbarúntacht Iorrais agus i gcontae Mhaigh Eo".

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, an 29ú lá seo de Mhárta, 1983.

PÁDRAIG Ó TUATHAIL,
Aire Iascaigh agus Foraoiseachta.

DEPARTMENT OF FISHERIES AND FORESTRY

FISHERIES ACTS 1959 TO 1980

NORTH WESTERN FISHERIES REGION (RIVER OWENMORE) BYE-LAW NO. 632, 1983.

I, PADDY O'TOOLE, Minister for Fisheries and Forestry, in exercise of the powers conferred on me by section 9 (as amended by section 3 of the Fisheries (Amendment) Act, 1962 (No. 31 of 1962)), of the Fisheries (Consolidation) Act, 1959 (No. 14 of 1959), section 33 of the Fisheries (Amendment) Act, 1962, and the Fisheries (Transfer of Departmental Administration and Ministerial Functions) Order, 1977 (S.I. No. 30 of 1977) (as adapted by the Fisheries (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order, 1978 (S.I. No. 195 of 1978)), hereby make the following Bye-Law:

1. This Bye-Law may be cited as the North Western Fisheries Region (River Owenmore) Bye-Law No. 632, 1983.

2. This Bye-Law shall come into operation on the 30th day of March, 1983.

3. Article 4 of the Bangor District Bye-Law No. 611, 1980, is hereby amended by the substitution of "in the tidal waters of the river Owenmore upstream of a straight line drawn in a north-easterly direction from a marker coloured blue and white and erected at a point on the high-water mark of the townland of Aughness in the barony of Erris and county of Mayo" for "in the special tidal waters of the river Owenmore upstream of a straight line drawn in a north-easterly direction from a marker coloured blue and white and erected at a point on the high-water mark of the townland of Aughness in the barony of Erris and county of Mayo".

L.S.

GIVEN under my Official Seal,
this 29th day of March, 1983.

PADDY O'TOOLE,
Minister for Fisheries and Forestry.

The version of this Bye-law in the Irish language officially prepared is printed on the opposite page.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Fhodhlí an nóta seo agus ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil air é).

Leis an bhFodhlí seo leathnaítear an toirmeasc ar gach iascaireacht tráchtála bradán i gcodanna sonraithe d'uiscí taoide na hAbhann Móire atá i bhFodhlí Cheantar Bheannchair Uimh. 611, 1980. Faoin bhfodhlí seo toirmisctear iascaireacht tráchtála bradán in uiscí taoide na hAbhann Móire suas an sruth ó líne dhíreach arna tarraingt ón marcáil ghorm agus bhán ag líne bharr láin bhaile fearainn Eachnais go dtí an mharcáil bhuí agus bhán ag líne bharr láin bhaile fearainn Truiste chomh fada le teorainn taoide agus físoruisce na hAbhann Móire ag an gcora bradán nach n-úsáidtear atá suite idir na bailte fearainn an Ghuala Mhór agus Béal an Átha. Folaítear sa toirmeasc an t-iascach príobháideach atá suite sa chuid sin den abhainn.

EXPLANATORY NOTE

(This note is not part of the Bye-law and does not purport to be a legal interpretation).

This Bye-law extends the prohibition on all commercial fishing for salmon in a specified portion of the tidal waters of the river Owenmore contained in the Bangor District Bye-law No. 611, 1980. Under this bye-law commercial fishing for salmon is prohibited in the tidal waters of the river Owenmore upstream of a straight line drawn from the blue and white marker at the high-water mark of the townland of Aughness to the yellow and white marker at the high-water mark of the townland of Tristia as far as the tidal and freshwater boundary of the river Owenmore which is situated at the disused salmon weir between the townlands of Goolamore and Ballina. The private fishery situated within that portion of the river is included in the prohibition.